**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**PREASRÁITEAS**

# An Próiseas Iontrála don Ardteistiméireacht 2020 le hOscailt – Scrúduithe Mhí na Samhna

Inniu, an Aoine an 25 Meán Fómhair, d'fhógair Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), go mbeadh an iontráil i gcomhair scrúduithe scríofa na hArdteistiméireachta, a bheidh ar siúl i mí na Samhna, ar oscailt ó 9am ar an Luan an 28 Meán Fómhair ar Thairseach na nGrád Ríofa do Scoláirí, atá ar fáil ag www.examinations.ie agus ag Gov.ie/leaving certificate. Glacfar le hiontrálacha thar thréimhse cúig lá, ag dúnadh ag 5pm ar an Aoine an 2 Deireadh Fómhair.

Féadfaidh iarrthóirí don Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF) iontráil trí ríomhphost a sheoladh chuig LCAexams2020@examinations.ie ag am ar bith le linn na tréimhse cúig lá sin.

Faoi réir comhairle sláinte poiblí maidir le reáchtáil na scrúduithe stáit i mí na Samhna, cuirfear tús le scrúduithe scríofa na hArdteistiméireachta ar an Luan an 16 Samhain agus cuirfear críoch leo ar an Aoine an 11 Nollaig, agus beidh scrúdú amháin ar siúl sna tráthnónta le linn na seachtaine agus dhá sheisiún scrúdaithe ag an deireadh seachtaine, ar an Satharn agus ar an Domhnach. Tá na scrúduithe le tosú ag 5.30pm gach tráthnóna i rith na seachtaine agus ag 9.30am agus 2pm ar an dá lá ag an deireadh seachtaine.

Cuirfear tús le scrúduithe scríofa ATF ar an Luan an 16 Samhain agus cuirfear críoch leo ar an Satharn an 28 Samhain.

Beidh na tráthchláir a foilsíodh do na scrúduithe ar fáil ar shuíomh gréasáin CSS www.examinations.ie. nuair a osclaíonn tairseach na scoláirí ar an Luan an 28 Meán Fómhair.

Beidh suí amháin de scrúduithe na hArdteistiméireachta 2020 i mí na Samhna 2020. Féadfaidh iarrthóirí nach bhfuil ábalta a bheith i láthair do scrúdú a raibh siad iontráilte ina leith, iarratas a chur isteach chun scrúduithe na hArdteistiméireachta a dhéanamh in 2021.

Féadfaidh iarrthóirí a d'iontráil ar scrúduithe na hArdteistiméireachta/na hArdteistiméireachta Feidhmí a cuireadh siar ó mhí an Mheithimh seo caite iontráil ar cheann ar bith de na scrúduithe ar iontráil siad orthu roimhe seo nó orthu go léir. Tá sé i gceist go ndéanfadh iarrthóirí a gcuid scrúduithe sa scoil a raibh siad iontráilte chun iad a dhéanamh inti i mí an Mheithimh 2020.

Meabhraítear do scoláirí go mbeidh na scrúduithe scríofa bunaithe ar an leagan amach, ar an ábhar agus ar an struchtúr céanna leis na ceistpháipéir sna blianta roimhe seo agus go mbeidh an fad céanna iontu. Is ar na scrúduithe scríofa a bhunófar na gráid a gheobhaidh na hiarrthóirí a dhéanfaidh na scrúduithe i mí na Samhna.

Ní bheadh sé indéanta ná praiticiúil ag an bpointe seo scrúduithe a reáchtáil i gcomhpháirteanna na mbéaltrialacha ná na scrúduithe praiticiúla, ná iarracht a dhéanamh obair chúrsa nach bhfuil críochnaithe a chur i gcrích. Is gnéithe scoilbhunaithe iad comhpháirteanna na mbéaltrialacha agus na scrúduithe praiticiúla, ar gá tacaíocht shuntasach a thabhairt dóibh ag leibhéal na scoile, lena n-áirítear an riachtanas múinteoirí atá i mbun a gcuid oibre a thógáil amach as a gcuid scoileanna chun obair a bhaineann leis na scrúduithe stáit a dhéanamh.

I gcás cúig cinn d'ábhair na hArdteistiméireachta, déanfaidh CSS obair chúrsa a cuireadh i gcrích sular dúnadh na scoileanna a mharcáil freisin agus cuirfear na marcanna sin san áireamh agus na hábhair sin á ngrádú.

Is iad sin:

- Obair chúrsa phraiticiúil na hEacnamaíochta Baile
- Punann GCAT;
- Obair chúrsa phraiticiúil a bhaineann le Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide;
- An Tionscadal Gníomhaíochta Coirp don Chorpoideachas (PE);
- Obair chúrsa phraiticiúil a bhaineann leis an innealtóireacht.

I ngach ábhar eile, bronnfar gráid ar na hiarrthóirí, ar gráid iad a bheidh bunaithe ar na páipéir scríofa agus orthu sin amháin. Rinneadh socrú níos luaithe, a cuireadh in iúl i mí an Mhárta, go mbronnfaí marcanna iomlána i leith na mbéaltrialacha teanga agus i leith na dtrialacha léirithe sa cheol ach cuireadh an socrú sin ar ceal nuair a cuireadh siar scrúduithe an tsamhraidh ar an 8 Bealtaine agus nuair a tugadh isteach córas na nGád Ríofa. Bhí sé i gceist le fógra mhí an Mhárta go dtacófaí le reáchtáil na gcomhpháirteanna scrúdaithe eile go léir ar an ngnáthbhealach mar chuid den fhreagairt don staid éigeandála a bhain le COVID-19 ag an am. Níor bronnadh marcanna iomlána go huathfheidhmeach ar iarrthóirí i dtaca le haon chomhpháirt scrúdaithe i gcóras na nGrád Ríofa. Dá réir sin, ní bheadh sé cuí ná cóir marcanna iomlána a bhronnadh anois i leith roinnt comhpháirteanna scrúdaithe ar mhaithe le cothromas idir na hiarrthóirí a bheidh ag déanamh an scrúdaithe níos déanaí agus iad siúd a fuair grád ríofa.

Beidh scrúduithe na Sraithe Sóisearaí a bhí pleanáilte d'fhoghlaimeoirí lánfhásta a bhí cláraithe chun na scrúduithe sin a dhéanamh i mí an Mheithimh ar siúl i mí na Samhna 2020. Ina theannta sin, d'fhógair an tAire Oideachais, Norma Foley, i mí Lúnasa go gcuirfí na scrúduithe sin ar fáil freisin do luathfhágálaithe scoile, a d'fhág an scoil i ndiaidh na Sraithe Sóisearaí in 2020 agus nach bhfuil conair oideachas á leanúint acu i dtreo teastasú foirmiúil. Cuirfear tús freisin le scrúduithe na Sraithe Sóisearaí ar an 16 Samhain, agus cuirfear críoch leo ar an 30 Samhain.

Beidh CSS i dteagmháil go gairid leis na scoileanna/hionaid oideachais a raibh foghlaimeoirí lánfhásta ag freastal orthu chun scrúduithe na Sraithe Sóisearaí i mí na Samhna a thairiscint do na foghlaimeoirí sin. Beifear i dteagmháil freisin le scoileanna maidir leis an scrúduithe a thairiscint do luathfhágálaithe scoile.

Is iad na scrúduithe scríofa amháin a bheidh i gceist le scrúduithe na Sraithe Sóisearaí freisin, seachas Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí, áit a raibh an tionscadal curtha i gcrích sular dúnadh na scoileanna i lár mhí an Mhárta.

Eisíodh ciorclán ina bhfuil breac-chuntas ar na mionsonraí ábhartha go léir chuig scoileanna tráthnóna inniu agus beidh eolas breise d'iarrthóirí na hArdteistiméireachta ar fáil ag [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie) nuair a athosclófar tairseach na scoláirí ar an Luan an 28 Meán Fómhair.

Táthar ag súil go n-eiseofar torthaí sealadacha na hArdteistiméireachta/na hArdteistiméireachta Feidhmí ó scrúduithe mhí na Samhna go luath i mí Feabhra 2021 ar a thúisce.

Gheobhaidh na hiarrthóirí a dhéanfaidh na scrúduithe i mí na Samhna agus a ghlac leis an rogha Gráid Ríofa a fháil creidiúint don ghrád is airde a bhainfear amach idir an Grád Ríofa agus an scrúdú scríofa.

Gheobhaidh iarrthóirí a roghnóidh scrúduithe na hArdteistiméireachta 2020 a dhéanamh i mí na Samhna agus a gheobhaidh tairiscint CAO níos fearr de bharr na dtorthaí sin, tairiscint iarchurtha freisin ar áit i gcoláiste chun tús a chur lena gcúrsa sa bhliain acadúil 2021/22. Má bhíonn iarrthóir a thosaigh ar an gcéad bhliain de chúrsa i dteideal tairiscint CAO níos airde agus má roghnaíonn sé nó sí glacadh leis sin sa bhliain acadúil dár gcionn,

bheadh an freastal don chéad bhliain den chúrsa nua incháilithe go fóill i leith táillí in aisce agus maoiniú SUSI de réir mar is cuí.

CRÍOCH

**Nótaí d'eagarthóirí**

**Scrúduithe na hArdteistiméireachta**

Ar an 8 Bealtaine 2020, d'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna ag an am go raibh Scrúduithe na hArdteistiméireachta a bhí pleanáilte do dheireadh mhí Iúil 2020 á gcur siar nó go mbeadh sé sábháilte iad a reáchtáil agus go raibh sé sin á dhéanamh mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Tugadh deis do scoláirí Gráid Ríofa a fháil, ionas go bhféadfaidís dul ar aghaidh chuig an obair, chuig an ardoideachas nó chuig an mbreisoideachas.

Tá scrúduithe mhí na Samhna ar fáil do dhuine ar bith a bhí iontráilte chun Scrúduithe na hArdteistiméireachta 2020 a dhéanamh i mí an Mheithimh 2020.

**Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí**

Ar an 29 Aibreán 2020, d'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna ag an am nach mbeadh Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí a bhí pleanáilte do mhí an Mheithimh 2020 ar siúl, agus go ndéanfaí socruithe speisialta ionas go mbeadh scrúdú ar siúl d'fhoghlaimeoirí lánfhásta i bhfómhar na bliana 2020. Ar an 26 Lúnasa chuir an tAire Norma Foly TD in iúl freisin go ndéanfaí na scrúduithe i mí na Samhna a thairiscint anois do luathfhágálaithe scoile, ar daoine iad a bhí cláraithe chun na scrúduithe a dhéanamh i mí an Mheithimh, a raibh an scoil fágtha acu agus nach raibh conair oideachais á leanúint acu i dtreo teastasú foirmiúil.

**Táillí**
Ní ghearrfar aon táillí as ucht na scrúduithe sin a dhéanamh.

**An Próiseas Achomharc do Scrúduithe 2020**
Féadfar achomharc a dhéanamh in aghaidh thorthaí Scrúduithe 2020 ar an mbealach céanna leis na blianta roimhe sio. Eiseofar mionsonraí maidir le próiseas na n-achomharc in am trátha.

**Rochtain ar shonraí an rang-oird Ranga**
Ón Luan an 28 Meán Fómhair, beidh rochtain freisin ag scoláirí ar a rang-ord ina rang trí Thairseach na nGrád Ríofa do Scoláirí. Is é sin an áit ina rang a shann a scoil dóibh i gcoibhneas le scoláirí eile nuair a chuir an scoil marc céatadáin measta ar fáil dóibh do gach ábhar. Iarrtar ar scoláirí a bheith airdeallach maidir le scoláirí eile sa rang agus na sonraí sin á roinnt acu mar go bhféadfaidís áit scoláirí eile sa rang a nochtadh i ngan fhios dóibh féin.


***Eela Carr***
Preasoifigeach
Fón 090 6442770 nó 087 2830355

***Jackie Wade***
Preasoifigeach Tánaisteach
Fón 090 6442851 nó 087 1804466

Ríomhphost: sec.pressoffice@examinations.ie